



---

*Suí iomlánach*

---

**B9-0520/2021**

13.10.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

ag leanúint as Ceist B9-0033/2021 i gcomhair Freagra ó Bhéal

de bhun Riail 136(5) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le trédhearcacht AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní  
COVID-19  
(2021/2678(RSP))

**Markus Buchheit, Jaak Madison, Joachim Kuhs, Sylvia Limmer**  
thar ceann an Ghrúpa ID

**B9-0520/2021**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19 (2021/2678(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,
  - ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 4, 6, 9, 15(3), 122(1) agus 168 de,
  - ag féachaint do chinneadh ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2020 lena bhformheastar an comhaontú leis na Ballstáit maidir le vacsaíní COVID-19 a fháil thar ceann na mBallstát agus nósanna imeachta gaolmhara, agus an iarscríbhinn a ghabhann leis (C(2020)4192),
  - ag féachaint don tsraith fiosrúchán agus tionscnamh a bhí ag an Ombudsman Eorpach chun féachaint ar an bhfreagairt a thug institiúidí AE ar COVID-19,
  - ag féachaint don cheist chuig an gCoimisiún maidir le trédhearcacht AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19 (O-000046/2021 – B9-0033/2021),
  - ag féachaint do Rial 136(5) agus Rial 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,
- A. de bhrí go bhfuil roinnt achainíocha (1477/2020, 0062/2021 agus 0066/2021) faighte ag an gCoiste um Achainíocha, arb achainíocha iad a léiríonn ábhair inní maidir le heaspa trédhearcachta AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19;
- B. de bhrí go n-iarrtar sna hachainíocha go ndéanfaí sonraí iomlána na gconarthaí maidir le vacsaíní COVID-19 a tugadh i gcrích idir an Coimisiún, na Ballstáit agus tionscal na cógaisíochta, mar aon le sonraí na dtrialacha cliniciúla ar leibhéal an othair, a fhoilsíú a luaithe is féidir;
- C. de bhrí nach inniúlacht de chuid AE é an beartas sláinte; de bhrí gur inniúlachtaí de chuid na mBallstát i gcónaí iad na hinniúlachtaí nár tugadh do AE sna Conarthaí; de bhrí nach bhféadfaidh AE cuspóirí sláinte poiblí a shaothrú ach amháin trí chomhtháthú an mhargaidh inmheánaigh, agus úsáid á baint as Airteagal 114 CFAE mar bhunús dlí;
- D. de bhrí, ó bhris an ráig de COVID-19 amach, go raibh Uachtarán an Choimisiúin dírithe ar an tionscadal a bhí aici an víreas a chomhrac ar an leibhéal domhanda, agus í ag tacú, i measc tionscnaimh eile, leis an bhfeachtas ‘Global Goal: Unite for Our Future’, a raibh ceolchoirm le Justin Bieber agus réaltaí pop eile mar chuid de, mar gurb é an phríomhspríoc a bhí aici ná ‘toddchaí atá saor ón georóinvíreas a thógáil do chách’;
- E. de bhrí gur bhunaigh ceithre Bhallstát, is iad sin an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil agus an Ísiltír, an Comhaontas Cuimsitheach um Vacsaíní chun an soláthar don Aontas uile a éascú; de bhrí gur fhógair an comhaontas chomh fada siar le mí an Mheithimh 2020 go raibh comhaontú curtha i gcrích acu le AstraZeneca;

- F. de bhrí, dar leis na meáin, go ndeachaigh Uachtarán an Choimisiúin i dteagmháil le Seansailéir na Gearmáine chun a éileamh go ndéanfaí an chumhacht vacsaíní a fháil a aistriú chuig an mBruiséil; de bhrí gur ghlac Seansailéir na Gearmáine leis an iarraidh sin chun Uachtaránacht na Gearmáine ar an gComhairle a shábháil trí fhócas nua a thabhairt di;
- G. de bhrí gur thug an Comhaontas Cuimsitheach um Vacsaíní a dtionscadal ar láimh don Choimisiún trí litir i mí an Mheithimh 2020; de bhrí gur cuireadh straitéis AE um vacsaíní ar fáil go poiblí ina dhiaidh sin an 17 Meitheamh 2020;
- H. de bhrí nach raibh an Coimisiún in ann aon mhargadh a thabhairt i gerích le monaróirí na vacsaíní roimh an 27 Lúnasa 2020, tráth a chuir sé a chomhaontú le AstraZeneca ar fáil go poiblí;
- I. de bhrí nár sholáthair AE ach na híocaíochtaí tosaigh ar na vacsaíní, agus go raibh na Ballstáit freagrach as fuilleach na gcostas a mhaoiniú; de bhrí gur dhiúltaigh roinnt Ballstát do na vacsaíní mRNA; de bhrí go raibh roinnt Ballstát níos buartha ná Ballstáit eile faoin gcostas; de bhrí, ar an iomlán, go raibh easpa cistí i straitéis vacsaínithe an Choimisiúin toisc nach inniúlacht de chuid AE é an beartas sláinte;
- J. de bhrí go raibh an chuid is mó de dhomhan an Iarthair, go háirithe an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Iosrael, in ann vacsaíní a fháil ar bhealach níos tapa ná AE; de bhrí go bhfuil feachtas vacsaínithe AE ag titim chun deiridh ar fheachtais thíortha eile an Iarthair; de bhrí, faoi thús mhí Eanáir 2021, go raibh an chéad dáileog den vacsaín faighte cheana féin ag beagnach milliún duine sa Ríocht Aontaithe agus ag trí mhilliún duine sna Stáit Aontaithe; de bhrí go raibh an chéad dáileog de vacsaín COVID-19 faighte cheana féin ag aon trian de dhaonra Iosrael an 10 Eanáir 2021;
- K. de bhrí nár formheasadh vacsaíní COVID-19 in AE go fóill, ach go bhfuil údarú margaíochta coinníollach faighte acu; de bhrí gur tugadh an chéad údarú margaíochta coinníollach do vacsaín in aghaidh COVID-19 don vacsaín BioNTech an 21 Nollaig 2020;
- L. de bhrí nach raibh AE ar son vacsaíní comhionanna a monaraíodh lasmuigh de AE a aithint; de bhrí nach bhfuil rochtain ag saoránaigh na mBallstát a bhfuil úsáid á baint acu den chuid is mó as vacsaíní nach bhfuil formheasta ag EMA ar Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais;
- M. de bhrí nach bhfuil ach leaganacha folaithe de na comhaontuithe réamhcheannaigh agus den chomhaontú ceannaigh foilsithe ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, agus faisnéis rithábhachtach scriosta nó in easnamh iontu; de bhrí gur theip ar an gCoimisiún ceann de na doiciméid sin a fholú mar is ceart agus gur fhoilsigh sé é ar aon nós;
- N. de bhrí go bhfuil chuid mhaith den taighde agus forbairt maidir leis na vacsaíní cistithe ag AE, go bhfuil obair na gcuideachtaí cógaisíochta éascaithe aige le hinfheistíocht seachanta riosca roimh ré, go bhfuil údarú éigeandála tugtha aige, agus go bhfuil vacsaíní ceannaithe aige le hairgead cáiniócóirí;
1. á chur i bhfios nach rabhthas in ann freagairt chomhpháirteach, mhear agus éifeachtach a thabhairt ar phaindéim COVID-19 mar nach raibh AE chomh maith lena rabhthas ag

súil de dheasca moilleanna ar an bpróiseas soláthair;

2. ag tarraingt aird ar an iliomad lochtanna a bhí ar an bpróiseas soláthair ar leibhéal AE; á chur i bhfios go láidir go raibh easpa mhór taitní ar an gCoimisiún ó thaobh caibidlíocht a dhéanamh ar chonarthaí den sórt sin agus iad a thabhairt i gcrích; á chur i bhfáth, d'ainneoin a rabhthas ag súil leis, nach raibh AE in ann an t-éileamh ó na Ballstáit le chéile a aistriú ina chumhacht mhargála níos fearr agus é i mbun caibidlíochta le monaróirí na vacsaíní;
3. á mheabhrú nach raibh na Ballstáit nár fhan ar fhormheas EMA do na vacsaíní in ann a gcuid saoránach a vacsaíniú ar bhealach i bhfad níos tapa; ag cur béim ar an bhfioras, dá bhrí sin, gur inniúlacht de chuid na mBallstát é an beartas sláinte agus nach mór go bhfanfadh sé mar sin agus gur féidir déileáil leis na saincheisteanna sin ar bhealach níos éifeachtaí ar an leibhéal náisiúnta ná ar leibhéal AE;
4. ag caitheamh amhras mór ar chothroime na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích; ag cáineadh fholú na gcomhaontuithe, rud ar bhain an Coimisiún leas as chun a theip féin a chumhdach maidir le méid leordhóthanach vacsaíní a chaibidliú go luath agus ar phraghas réasúnta;
5. á iarraidh ar an gCoimisiún leaganacha neamhfholaithe de na comhaontuithe réamhcheannaigh agus den chomhaontú ceannaigh a fhoilsiú agus na sonraí seo a leanas go háirithe a nochtadh: (a) na réamhíocaíochtaí a rinne an Coimisiún, (b) roinnt na gcostas idir infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sna vacsaíní, (c) an líon dáileog a leithdháileadh ar gach Ballstát agus atá le seachadadh gach ráithe, (d) an praghas in aghaidh na dáileoige, (e) líon na láithreán táirgthe atá ar fáil agus na háiteanna a bhfuil siad lonnaithe, (f) na córais dliteanais agus chúitimh i gcás aon díobháil a d'fhéadfadh na vacsaíní a dhéanamh, (g) na smachtbhannaí i gcás sárú conartha;
6. á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil don Pharlaimint faoin gcaoi ar bhain na cuideachtaí atá ar conradh úsáid as réamhíocaíochtaí AE, lena n-áirítear an mhodheolaíocht chun íocaíochtaí a thomhas agus na modhanna rialaithe agus fíoraithe;
7. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh na cuideachtaí atá ar conradh torthaí iomlána na dtrialacha cliniciúla agus prótacail an taighde a d'fhéadfadh a bheith ann ar vacsaíní COVID-19 a chur ar fáil a luaithe is féidir chun gur féidir le saineolaithe neamhspleácha eolaíochta, anuas ar na saineolaithe in EMA, meastóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear pleananna anailíse staidrimh, tuarascálacha ar na trialacha cliniciúla, sonraí othar agus cóipeanna den chomhfhreagras leis na rialtóirí agus príomh-gheallsealbhóirí eile;
8. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh na cuideachtaí atá ar conradh na sonraí ó na tuarascálacha ar an bhfaireachas cógas a fhoilsiú i gcomhréir iomlán leis na rialacha a bhaineann le hurraim a thabhairt do shonraí pearsanta na n-othar lena mbaineann, agus bainistiú poiblí na n-eachtraí sin a tháinig as riar na vacsaíní a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh orthu;
9. á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú leis na monaróirí chun dlús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe le haghaidh na vacsaíní a bhfuil iarratas déanta acu ar údarú;

10. á iarraidh ar na Ballstáit cur i gcoinne aon iarracht a dhéanann AE tuilleadh freagrachtaí a ghlacadh air féin i réimse an bheartais sláinte i gcoitinne, i réimse na vacsaíní go háirithe;
11. á mheas go dtugann an chaoi ar theip ar straitéis vacsaínithe agus soláthar vacsaíní AE rabhadh dúinn faoi AE a bheith ar thóir níos mó inniúlachtaí fós;
12. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.